

Clár na nÁbhar

1.	Céard é cuspóir an Chomhaontaithe?	3
2.	Céard iad na híocaíochtaí atá clúdaithe faoin gComhaontú?	3
3.	Cén tír a mbeidh a rialacha leasa shóisialaigh i bhfeidhm?	4
4.	Cén tionchar a bheidh ag an gComhaontú ormsa?	5
5.	Cén chaoi ar féidir liom cáiliú d'íocaíocht Éireannach?	5
6.	Conas a ríomhtar íocaíochtaí Éireannacha?	5
7.	Conas is féidir liom cáiliú do phinsean Astrálach faoin gComhaontú?	6
8.	Céard iad na sochair sa bhreis atá ann le haghaidh daoine a fhaigheann pinsean Astrálach?	6
9.	Conas a íoctar íocaíochtaí Éireannacha?	7
10.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil nó iarratas a chur isteach ar shochair faoin gComhaontú?	8

Eanáir 2008

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 10 le haghaidh na sonraí teagmhála).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Céard é cuspóir an Chomhaontaithe?

Tá sé mar chuspóir ag an gComhaontú seo cosaint a dhéanamh ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh na n-oibrithe a bhíonn ag bogadh idir Éirinn agus an Astráil. Déantar é seo trí ligean d'oibrithe tréimhsí d'árachas sóisialta nó cónaí a críochnaíodh in aon tír amháin a úsáid, nuair a bhíonn siad ag cur iarratais isteach ar íocaíochtaí áirithe sa tír eile. Déantar déileáil ann chomh maith le hárachas sóisialta na n-oibrithe a chuirtear ó thír amháin go tír eile ar feadh tréimhse ghearr.

2. Céard iad na híocaíochtaí atá clúdaithe faoin gComhaontú?

Déantar comhordú ar dhlíthe leasa shóisialaigh na hÉireann agus na hAstráile leis an gComhaontú seo, maidir le híocaíochtaí scoir, seanaoise, míchumais agus báis.

Déantar na híocaíochtaí Éireannacha seo a leanas a chlúdach sa Chomhaontú:

- Pinsean Stáit (Ranníocach),
- Pinsean Stáit (Eatramhach),
- Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir,
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach),
- Pinsean Easláine, agus
- Deontas Méala.

Clúdaítear na híocaíochtaí Astrálacha seo faoin gComhaontú:

- pinsin aoise,
- pinsin tacaíochta míchumais, agus
- pinsin do bhaintreacha agus do bhaintreacha fir.

3. Cén tír a mbeidh a rialacha leasa shóisialaigh i bhfeidhm?

Ar an mórchuid, bíonn oibrithe á rialú de réir dhlíthe na tíre ina mbíonn siad ag obair. Má ghabhann tú ag obair san Astráil, is gnách go mbíonn tú faoi réir dhlí na hAstráile ar leas sóisialach. Ar an gcaoi chéanna, is gnách go mbeadh duine a thioctadh go hÉirinn ón Astráil ag obair, faoi réir dhlí na hÉireann ar leas sóisialach agus d'íocfadh sé/sí ranníocaíochtaí d'Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) anseo.

Sannacháin shealadacha:

Má bhíonn tú curtha ag fostóir Éireannach le bheith ag obair san Astráil go sealadach, bíonn tú in ann leanúint de ranníocaíochtaí ÁSPC Éireannacha a íoc ar feadh suas le 4 bliana. Má tá do shannachán níos faide ná 4 bliana, d'fhéadfaí an comhaontú a shíneadh, le ceadú roimh ré ón dá thír.

Ní bheidh orthu siúd a bhíonn curtha ag fostóirí Astrálacha le bheith ag obair in Éirinn go sealadach, íocaíochtaí ÁSPC a íoc ar feadh suas le 4 bliana, le rogha chun é seo a shíneadh níos faide.

Má chuirtear thú go dtí an Astráil d'obair go sealadach, ba cheart duitse nó do d'fhostóir dul i dteagmháil le:

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán: Port Láirge (051) 356 000

Baile Átha Cliath (01) 704 3000

4. Cén tionchar a bheidh ag an gComhaontú ormsa?

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, d'fhéadfá cáiliú do:

- phinsean Éireannach atá bunaithe ar d'íocaíochtaí Éireannacha agus ar do chónaí san Astráil, mura bhfuil tú in ann cáiliú agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí Éireannacha ÁSPC amháin, agus, nó
- phinsean Astrálach, bunaithe ar rialacha na hAstráile amháin nó bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC in Éirinn agus ar chónaí san Astráil.

5. Cén chaoi ar féidir liom cáiliú d'íocaíocht Éireannach?

Faoin gComhaontú seo, is féidir tréimhsí cónaithe san Astráil a úsáid, tar éis duit 16 bliana d'aois a bhaint amach, chun na coinníollacha ÁSPC do phinsin Éireannacha a shásamh.

Ach is gá go mbeadh íosmhéid ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha Éireannacha agat, chun gur féidir é seo a dhéanamh.

6. Conas a ríomhtar íocaíochtaí Éireannacha?

Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean Easláine agus Pinsean (Ranníocach) Baintrí agus Baintreach Fir

Bíonn d'íocaíocht bunaithe ar líon na mblianta d'íocaíochtaí ÁSPC, i gcomparáid le tréimhse iomlán na ranníocaíochtaí Éireannacha agus de chónaí Astrálach.

Mar shampla, má tá 5 bliana de ranníocaíochtaí árachais inríofa Éireannacha agat agus 20 bliain de chónaí san Astráil (iomlán de 25 bliain), gheobhaidh tú aon chúigiú (1/5) den phinsean Éireannach cuí.

Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) agus Deontas Méala

Chomh luath is atá sé léirithe ag iarratasóir go gcáilíonn sé/sí do cheann amháin de na híocaíochtaí seo, bíodh sé trí ranníocaíochtaí Éireannacha amháin nó trí mheascán de ranníocaíochtaí Éireannacha agus Astrálacha, gheobhaidh sé/sí an méid iomlán cúí.

7. Conas is féidir liom cáiliú do phinsean Astrálach faoin gComhaontú?

Má bhí tú i do chónaí san Astráil ar feadh bliain amháin ar a laghad tar éis duit 16 bliana d'aois a bhaint amach, is féidir leat tréimhsí de ranníocaíochtaí ÁSPC in Éirinn a úsáid, le cabhrú leat cáiliú do phinsean faoi reachtaíocht na hAstráile.

8. Céard iad na sochair sa bhreis atá ann le haghaidh daoine a fhaigheann pinsean Astrálach?

Má fhaigheann tú aon cheann de na pinsin Astrálacha atá luaite ar leathanach 3, d'fhéadfá cáiliú do chuid nó d'iomlán na sochar sa bhreis seo a leanas ó Éirinn, a fhad is atá tú i do chónaí anseo:

- Pas Saorthaistil,
- Liúntas do Leictreachas nó Gás Nádúrtha Saor in Aisce,
- Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce
- Liúntas do Ghuthán ar Cíos Saor in Aisce, nó
- Liúntas Breosla.

Is féidir sonraí a fháil faoi na sochair seo i gCuid 10 de SW 4, Treoir ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh.

Tá foirmeacha iarratais do na sochair sa bhreis seo ar fáil ó d'oifig poist nó ó d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ó:

Saor-Scéimeanna

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 síneadh 48371 - ó Phoblacht
na hÉireann
nó

Guthán: + 353 71 914 8371 - ó Thuaisceart Éireann
nó thar lear

9. Conas a íoctar íocaíochtaí Éireannacha?

Má tá tú i dó chónaí in Éirinn

Má cháilíonn tú d'íocaíocht Éireannach faoin gComhaontú, d'fhéadfá a bheith íoctha in euro le:

- leabhar d'orduithe iníoctha ar féidir airgead tirim a dhéanamh astu go seachtainiúil ag do rogha oifig poist*, nó
- Aistriú Ciste Leictreonach go seachtainiúil isteach i gcuntas reatha nó taisce (**ní** cuntas morgáiste), ag institiúid airgeadais nó i gCuntas Coigiltis le An Post.

*Mura bhfuil tú in ann do phinsean a bhailiú ag oifig an phoist, is féidir leat duine atá 16 bliana d'aois nó níos sine a roghnú (darb ainm gníomhaire) chun é a bhailiú ar do shon.

Is féidir Pinsean Easláine a íoc trí Aistriú Ciste Leictreonach, leo siúd atá ag úsáid na Seirbhíse Buiséadaithe Teaghlaigh atá ar fáil ó An Post. Ligeann sé seo duit d'íocaíocht a bhailiú go seachtainiúil ag do rogha oifig poist, nuair a léiríonn tú do chárta seirbhísí sóisialacha.

Má tá tú i do chónaí taobh amuigh d'Éirinn

Is féidir go n-íocfaí d'íocaíocht trí Aistriú Ciste Leictreonach isteach i gcuntas Éireannach nó i gcuntas in institiúid airgeadais taobh amuigh den Stát. Is gá go mbeadh uimhir chuntais 8 n-uimhir ag an gcuntas, le cód sórtála 6 uimhir (ní uimhir Rolla ná Thagartha).

Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre ina bhfuil an cuntas agat. Déanfar an íocaíocht seo gach ceithre seachtaine. Íocfar seachtain amháin roimh ré agus íocfar trí seachtaine de i riaráiste.

10. Cén áit ar féidir a tuilleadh eolais a fháil nó iarratas a chur isteach ar shochair faoin gComhaontú?

Má cheapann tú go bhféadfá cáiliú d'íocaíocht faoin gComhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh idir Éirinn agus an Astráil, ba cheart duit dul i dteagmháil le d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh sa tír ina bhfuil tú i do chónaí.

Féach ar leabhrán SW19, 'Rátaí Íocaíochta Leasa Shóisialaigh', le haghaidh sonraí faoi rátaí íocaíochta agus de ranníocaíochtaí Éireannacha inríofa, ina ndírítear ar gach aicme ÁSPC agus ar na teidlíochtaí sochair a bhaineann leo go léir. Féach ar shuíomh gréasáin na Roinne chomh maith, ag www.welfare.ie.

Is féidir eolas sa bhreis a fháil faoin gComhaontú, mar seo a leanas in Éirinn:

Maidir le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir, nó Íocaíochtaí Caomhnóra, téigh i dteagmháil le(is):

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán: 00 353 71 9157100 nó (01) 704 3000

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Maidir le Pinsin Easláine, téigh i dteagmháil le:

Rannóg na bPinsean Easláine

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

/ (01) 7043000

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn,

dialligh + 353 43 3340000

Maidir le Deontas Méala, téigh i dteagmháil le:

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach, más ón áit sin atá

pinsean á íoc. I ngach cás eile, téigh i dteagmháil le:

Rannóg Deontas Méala

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

/ (01) 7043000

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn,

dialligh + 353 43 3340000

Má tá a thuilleadh eolais uait faoi Shannacháin Shealadacha,

téigh i dteagmháil le:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán (051) 356000 nó (01) 704 3000

Má bhíonn tú ag glaoch ón taobh amuigh d'Éirinn, dialligh an cód rochtana idirnáisiúnta (00 de ghnáth), ansin cód na tíre 353, agus fág an 0 amach ón gcód ceantair atá léirithe sna huimhreacha thuasluaite.

Má tá tú i do chónaí san Astráil, is féidir dul i dteagmháil le:

Centrelink International Services

GPO Box 273

Hobart

Tasmania 7001

Australia

Ríomhphost: international.services@centrelink.gov.au
Déanfaidh siad déileáil le fiosrúcháin eile ar bith faoi
shochair Astrálacha chomh maith.

Is féidir foirmeacha iarratais le haghaidh pinsin Astrálacha
a íoslódáil ón suíomh gréasáin seo a leanas:

[http://www.centrelink.gov.au/internet/internet.nsf/forms/
claim_overseas_ie.htm](http://www.centrelink.gov.au/internet/internet.nsf/forms/claim_overseas_ie.htm)

Is féidir leat eolas a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh,
nó bileoga eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- Logáil isteach ar www.welfare.ie.
- Líne Eolais Íosghlao ag 1890 66 22 44
(ó Phoblacht na hÉireann amháin).
- Buail isteach ag d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ag an
Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara

**D'fhéadfadh rátaí éagsúla a bheith á ngearradh ar
úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao) ag soláthraithe
seirbhíse éagsúla.**

Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar
le léirmhíniú dleathach a sholáthar ann.

